

Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne- Maigh Chromtha

Nuachtlitir Uimh.4 Abrán 2021



Fáilte go Nuachtlitir uimh. 4 don N22 Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha.

Dul chun cinn le 3 mhí anuas

Foilsíodh Nuachtlitir uimh. 3 i ndeireadh mhí na Samhna 2020 agus is mór an dul chun cinn atá déanta ó shin i réimse leathan ceantar ar fud na n-oibreacha. Bhí béim go príomha ar oibreacha droichead le roinnt míonna anuas.

Bhí na hoibreacha i gCuid 3, ó Charraig an Phúca go Cúil Chomhair, dírithe le roinnt míonna ar dhroichead a chríochnú sa cheantar seo ionas go mbeidh ar ár gcumas na struchtúir seo a úsáid agus sinn i mbun ár gcuid móroibreacha tochailte agus láithrithe i gcaitheamh séasúir na n-oibreacha créfort á shíneann ó Aibreán go Deireadh Fómhair. Tá 18 struchtúr le tógail sa cheantar seo, agus tá 12 díobh seo á dtógail faoi láthair lena n-áirítear:

1. Theastaigh 14 bíomaí coincréite réamhthéilgthe ar fad den dara saghas is faide a dhein *Banagher Concrete* riamh, gach ceann acu 48.75m ar fhaid, don dhá réise an droichead abhann thar Abha an tSuláin (S28). Dúshlán ann féin ab ea na bíomaí seo a thabhairt ó Uíbh Fhailí go dtí an suíomh agus cuireadh an tasc seo i gcrích thar tréimhse 8 n-oíche. Cuireadh suiteáil na mbíomaí i gcrích ar an 11 Feabhra agus an obair ag dul ar aghaidh i dtreo na sprice trasdeic an droichead a bheith líonta faoin gCáisc.
2. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh chomh maith ar thógáil 7 as an 12 áirse cothromúcháin a theastóidh, ar an taobh thiar d'Abha an tSuláin.
3. Droichead dé-réise eile is ea an fo-dhroichead thar Bhóthar Átha an Chóiste san Iomaire (S27) agus theastaigh bíomaí droichead 14.25m ar fhaid ón droichead sin. Cuireadh an dá cheann deireanach díobh sin in áit díreach roimh na Nollag thar tréimhse 2 oíche.
4. Droichead aon-réise is ea an droichead abhann thar Abha na Láinne (S26) ar theastaigh 7 mbíoma uaidh, iad 49.9m ar fhaid an ceann, le meáchan de bhreis ar 155 tonna an ceann. Is iad na bíomaí seo na bíomaí coincréite réamhthéilgthe is faide déanta agus curtha in áit go dtí seo, ag cur tír na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe san áireamh. Ardaíodh na bíomaí seo in áit ar an 15 agus an 16 Nollaig ag úsáid craein ráillí 600T. Tá nuashonrú ar an eilimint seo den tionscadal ar fáil ag an nasc seo: <http://www.n22bbm.ie/abha-na-lainne-droichead-bhiomai-laney-river-bridge-beams/>
5. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar thar-dhroichead Chúil Liatháin (S24) leis an trasdeic líonta roimh na Nollag agus oibreacha coincréite ar an trasdeic ag dul ar aghaidh.
6. Tá tús curtha le déanaí chomh maith ar fho-dhroichead Bhaile Uí Bhiaráin (S23/23A) ina bhfuil painéil chré threisithe mar theanntaí ann.
7. Lónadh an trasdeic ar an droichead abhann thar Abha na Fothraise gar do Charraig an Phúca (S19) agus tá an droichead seo nach mór tógtha anois.
8. Tá tús curtha le déanaí chomh maith ar na hoibreacha ar fho-dhroichead Charraig an Phúca (S17) ina bhfuil painéil chré threisithe mar theanntaí ann.

I dteannta na n-oibreacha droichead, tá dul chun cinn mór déanta maidir le suiteáil lintéar agus íosbhealaí eallach i gCuid 3. Cuireadh tú leis le hoibreacha ag glanadh láithreáin, draenáil idircheapach agus asbhaint carraige i gCuid 2 ó Charraig an Phúca i dtreo an iarthair.

Tá tús curtha chomh maith le hoibreacha i gCuid 2 ar an Tonn Láin, Cúil na Cathrach agus Cúil an Bhuacaigh, le glanadh láithreáin, barrithir a lomadh, draenáil idircheapach agus asbhaint carraige. Baineadh an creag carraige ar an Tonn Láin thar tréimhse 10-seachtain díreach roimh bhriseadh na Nollag. Tá nuashonrú ar an eilimint seo den obair ar fáil ag an nasc seo: <http://www.n22bbm.ie/n22bbm-nuashonru-maidir-le-baint-carraige-ag-gearradh-4-sa-tonn-lain-update-on-rock-removal-at-cut-4-in-toonlane/>

Ar an taobh thiar ar fad den tionscadal, i gCuid 1, tá dul chun cinn mór déanta i mí na Nollag 2020 maidir le críochnú an bhóthair iompair ó Phríomhshuíomh Thonn Láin go dtí láthair Dhroichead Abhann na Biochaille (S03) ar an gCeapach Thiar, i mBaile Bhuirne. Chuir sé seo ar ár gcumas mór-eilimintí droichead, a bhí déanta ag TECADE i Sevilla na Spáinne, a thabhairt isteach go dtí láthair an droichead díreach ón N22, gan aon ghá bóithre áitiúla a thrasnú. Déanadh na heilimintí droichead a iompar ar long ó Sevilla go Rinn an Scidígh agus ón áit sin go dtí an suíomh, ar an mbóthar, thar tréimhse 4 oíche i ndeireadh mhí Eanáir 2021.



Conas teagmháil a dhéanamh linn:

Teileafón

087-4581555

Freagrófar le linn gnáth uaireanta oifige, nó fág teachtaireacht

R-phost

info@n22bbm.ie

Suíomh

www.n22bbm.ie

Seoladh

Oifigí Láithreacha N22 BBM, Bóthar Shráid an Mhuilinn, Maigh Chromtha, P12 PN24



Chuir foireann táthairí ó TECADE tús lena gcuid oibre an trasdeic a chur le chéile go luath i mí Feabhra agus seoladh an chéad cuid den droichead go rathúil ar an Déardaoin 4 Márta. Cuireadh an méid a bhí fágtha le déanamh i gcrích agus críochnaíodh an brú-sheoladh ar Lá Fhéile Pádraig. Cuirfear tús anois leis an obair thógála ar thrasdeic an droichid. B'é seo an doirteadh coincréite ba mhó go dtí seo ar an tionscadal a chuaigh isteach i bpiara lárnach an droichid seo agus tá nuashonrú faoi seo ar fáil ag an nasc seo: <http://www.n22bbm.ie/mor-dhoirteadh-coincreite-do-dhroichead-abhann-na-biochaille-s03-i-mbaile-bhuirne-large-concrete-pour-for-the-bohill-river-bridge-s03-at-ballyvourney/>

Tá dul chun cinn déanta le roinnt seachtainí maidir leis an droichead ar an 'Bóthar Uachtarach' ar an gCeapach Thoir (S04) agus tá na hoibreacha coincréite *in-situ* ar fad anois críochnaithe. Leanfar ar aghaidh leis na hoibreacha ar na fallaí cliathánacha agus ar oibreacha críochnúcháin sna míonna atá romhainn.

Tá dul chun cinn déanta leis an droichead ag Na Cillíní, gar do thaiscumar Bhaile Mhic Íre (S05) agus tá trasdeic an droichid críochnaithe. Leanfar ar aghaidh leis na hoibreacha críochnúcháin seo sna míonna atá romhainn le súil is go mbeidh an struchtúr seo críochnaithe agus ullamh le glacadh le trácht faoi thús mhí na Bealtaine.

Is mór an dul chun cinn atá déanta le lintéir agus íosbhealaí eallach a chur in áit sa Chuid seo.

Tá tús curtha le pléascadh agus asbhaint carraige ar an Sliabh Riabhach le 5 phléasc curtha i gcrích go rathúil go dtí seo. Tá an charraige a baineadh as an slí próiseáilte le húsáid in athuair timpeall ar dhroichid go háirithe.

Sláinte agus Sábháilteacht

Ó cuireadh an Nuachtlitir dheireanach i gcló measadh gur seirbhís riachtanach í an tionscadal i gcomhthéacs treoir an rialtais agus na srianta Covid-19 Leibhéal 5.

Cé go rabhamar buíoch go raibh ar ár gcumas leanúint leis an tionscadal a bhrú ar aghaidh, le linn na srianta ag Leibhéal 5, d'aithníomar go mbeadh athruithe móra ag teastáil ó thaobh cleachtais oibre chun sábháilteacht, sláinte agus leas an uile pháirtí a mbíonn tionchar ag ár n-oibreacha orthu a chinntiú.

Dírítear ar an riosca eacspóisir a laghdú, ar an tionscadal agus don phobal i gcoitinne, bheartaigh foireann bhainistíochta an tionscadail díriú ar oibreacha criticiúla amháin agus líon na ndaoine ar an láthair a laghdú faoi leath. Beartaíodh ar roinnt chéimeanna eile a thógaint i gcomhréir le, agus os a gcionn, na riachtanais a ghabhann le Gnáthnósanna Imeachta Oibríochta Paidéime C-19 an CIF.

Táimid áthas mór orainn a thuairisciú nár dearbhaíodh aon chás Covid-19 le linn an ama seo ar an tionscadal agus táimid saor ó Covid go fóill. Tá an chreidiúint do seo ag dul don chomhoibriú ón bhfoireann agus ó chonraitheoirí a lean ag obair le linn an ama seo agus a chur an dua breise sin orthu féin cloí lenár rialuithe Covid-19 ar fad.

Ag féachaint chun cinn:

I measc na spriocanna sa ghearrthréimhse maidir le Cuid 3 tá bíomaí a chur in áit ar Fho-Dhroichead Charraig an Phúca(S17) agus ar Fho-Dhroichead Bhaile Uí Bhioráin(S23/23A) chomh maith leis an trácht atá ar an N22 i gCarraig an Phúca cheana féin a mhalartú go dtí an Bóthar Ceangail Nua Siar atá faoi thógáil faoi láthair. Táthar ag súil le tús a chur le séasúr na noibreacha cré go luath i mí Aibreán ag brú ar aghaidh go lán-aschur faoi mhí na Bealtaine. Tabharfar tosaíocht ar thaobh thiar an tionscadail do chríochnú Dhroichead Abhann na Biochaille(S03) agus tús a chur leis an obair ar Fho-Dhroichead Chúil na Cathrach(S09) a thrasnóidh an N22 reatha.

Cuirfear gach socrú bainistíochta tráchta san áireamh ar an gcóras *Mapalserter* atá ar fáil ar <https://www.mapalserter.com/>

Más mian leat go gcuirfí tú ar liosta seachadta na Nuachtlitreach seo bí i dteagmháil linn ag info@n22bbm.ie

Is mian leis an bhfoireann ar fad atá páirteach a mbuíochas a chur in iúl do mhuintir Mhaigh Chromtha, Bhaile Bhuirne agus na háiteanna máguaird as a gcuid comhoibríthe agus aithnímid go bhféadfadh na hoibreacha deacrachtaí a chruthú do dhaoine. Táimid buíoch as bhur gcuid foighne agus gabhaimid ár leithscéal as aon mhí-chaoithiúlacht. Tabhair faoi deara le do thoil, go bhféadfadh athrú teacht ar sceidealú na n-oibreacha de réir mar a théann an obair ar aghaidh – coimeádfar an pobal ar an eolas maidir le haon athruithe.